Lárionad na Gaeilge,
Ollscoil Mhá Nuad

# Teastas Eorpach na Gaeilge

## Meánleibhéal 1 (B1)

## Scrúdú cainte

## Ábhair shamplacha

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

© Ollscoil Mhá Nuad

# An Scrúdú Cainte: Meánleibhéal 1 (B1)

**Eolas ginearálta**

- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith. Beidh beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Beidh duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá. Beidh an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuirfidh seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanfaidh sé/sí na tascanna a bheidh le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- Déantar gach scrúdú cainte a thaifeadadh.
- Is mar seo a leanas an leagan amach a bheidh ar an scrúdú cainte i *Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)*.

| *Cuid* | *Am* | *Cineál téacs* | *Fócas teanga* |
|---|---|---|---|
| **1** | 5 nóiméad | Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (áit chónaithe, teaghlach, obair, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal srl.) | Ag tabhairt eolais agus ag léiriú tuairimí. |
| **2** | 1 nóiméad ag ullmhú<br><br>3-4 nóiméad cainte | Rólghníomhaíocht<br>(1) Tugtar cárta don iarrthóir sa scrúdú. Tá eochairfhocail ar an gcárta a bhaineann le *scenarios* éagsúla (imeachtaí/ pleananna/ socruithe /eispéiris agus araile). Bíonn nóiméad amháin ag an iarrthóir leis an eolas a léamh. Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir leis an eolas ar an gcárta rólghníomhaíochta.<br>(2) Beidh cárta ag an scrúdaitheoir ar a bhfuil macasamhail an eolais a bhí ar chárta an iarrthóra. An uair seo, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir faoin eolas atá léirithe ar an rólchárta atá aigesean/aicise. Féach na scrúduithe cainte samplacha. | Ag tabhairt eolais.<br>Ag lorg eolais.<br>Ag léiriú tuairimí. |
| **3** | 1 nóiméad ag ullmhú<br><br>3-4 nóiméad cainte | Ag insint scéal simplí: Tugtar sraith 6 phictiúr don iarrthóir agus bíonn nóiméad amháin aige/aici le féachaint orthu. Ansin déanann an t-iarrthóir cur síos ar an méid atá ag tarlú sna pictiúir. Seans go gcuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna ar an iarrthóir má cheapann sé/sí go bhfuil eolas fágtha ar lár ag an iarrthóir nó má bhíonn eolas breise de dhíth faoi aon cheann de na pictiúir. | Ag déanamh cur síos ar phictiúir agus ar an méid atá ag tarlú iontu. Ag tabhairt eolais. |

*© Ollscoil Mhá Nuad*

**Eolas breise**

**Cuid 1: Treoir**

- Beifear ag súil leis go mbeidh na hiarrthóirí in ann tuairimí simplí a nochtadh maidir leis na hábhair, chomh maith le cur síos a dhéanamh ar rudaí a tharla dóibh féin agus ar phleananna atá acu.
- Ba cheart dóibh iarracht a dhéanamh forbairt a dhéanamh ar a gcuid freagraí agus cúiseanna a thabhairt agus samplaí a chur ar fáil oiread agus is féidir. Moltar do na hiarrthóirí freagraí loma a sheachaint.
- Moltar go láidir do na hiarrthóirí gan píosaí a chur de ghlanmheabhair don scrúdú cainte.

**Cuid 2: Treoir**

- Tabharfar cárta rólghníomhaíochta don iarrthóir sa scrúdú cainte agus míneoidh an scrúdaitheoir cad é a bheidh i gceist don iarrthóir. Beidh **nóiméad amháin** ag an iarrthóir leis an eolas ar an gcárta a léamh.
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir agus ba cheart dó/di na freagraí a bhunú ar an eolas atá ar an gcárta.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, tabharfar deis don iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar eolas atá ar chárta an scrúdaitheora. Beidh sonraí difriúla ar chárta an scrúdaitheora ach beidh *scenario* ann a bheidh an-chosúil le cárta an iarrthóra. Féach na rólghníomhaíochtaí samplacha thíos.

**Cuid 3: Treoir**

- Tabharfaidh an scrúdaitheoir pictiúr, grianghraf, cartún nó sraith pictiúr don iarrthóir. Radhairc ón ngnáthshaol a léireofar iontu.
- Beidh **nóiméad amháin** ag an iarrthóir le breathnú ar an mbileog sula ndéanfaidh sé/sí cur síos don scrúdaitheoir ar an méid atá le feiceáil.
- Ba cheart don iarrthóir cur síos chomh hiomlán agus is féidir leis/léi a dhéanamh ar na daoine atá sa phictiúr agus/nó ar an méid atá ag tarlú. Ní bheifear ag súil leis ag an leibhéal seo go ndéanfadh na hiarrthóirí trácht ar chomhthéacs na bpictiúr ná ar cheisteanna ginearálta a ardaítear iontu. <u>Níor cheart tagairt do rudaí nach léirítear sna pictiúir.</u>
- Seans go gcuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna ar an iarrthóir má cheapann sé/sí go bhfuil eolas fágtha ar lár ag an iarrthóir nó má bhíonn eolas breise de dhíth faoi aon cheann de na pictiúir.
- Ba chóir go mbeadh iarrthóirí in ann cur síos cuimsitheach a thabhairt ar na pictiúir uile, ceann ar cheann, chomh maith le héirim na sraithe ina hiomláine a chur in iúl go soiléir mar shraith imeachtaí a bhfuil baint acu lena chéile. Ba cheart go léireodh iarrthóirí go bhfuil ar a gcumas cuntas loighciúil comhleanúnach a thabhairt ar an topaic agus ar na gníomhartha atá á léiriú sna pictiúir.
- Beifear ag súil leis na hiarrthóirí a léiriú go bhfuil ar a gcumas píosaí leanúnacha cainte a eagrú agus a chur i dtoll a chéile.
- Ní bheifear ag súil leis na hiarrthóirí aon sainfhoclóir a bheith acu, ach beidh marcanna le gnóthú acu siúd a léiríonn go bhfuil siad in ann straitéisí oiriúnacha – ar nós athleagan (*paraphrase*) – a úsáid nuair nach bhfuil an focal ceart acu

© *Ollscoil Mhá Nuad*

nó nuair nach féidir leo cuimhneamh ar an bhfocal ceart.

***Marcáil***

- Bronnfar marcanna ar iarrthóirí as a gcuid iarrachtaí le linn iomlán an scrúdaithe agus ní bhronnfar marcanna ar thascanna faoi leith.
- Seo iad na gnéithe den teanga a ndéanfar measúnú orthu sa scrúdú cainte: Cruinneas gramadaí, Stór focal, Foghraíocht, Líofacht agus Cumarsáid.

Maidir le cruinneas gramadaí, ba cheart go mbeadh smacht maith ag iarrthóirí ar na gnéithe sin den ghramadach atá leagtha amach in *Siollabais A1-B1*.

Ba cheart go mbeadh stór focal na n-iarrthóirí leathan go leor chun go mbeidís in ann déileáil le ceisteanna faoi rudaí a bhaineann lena saol go ginearálta agus na hábhair atá leagtha amach in *Siollabais A1-B1*.

Cé go mbeidh cuid cainte na n-iarrthóirí breá soiléir agus furasta a thuiscint, tá seans maith ann fós go mbeidh tionchar ag an máthairtheanga ar a gcuid Gaeilge. Uaireanta, glactar leis go mbeidh focail agus fuaimeanna mícheart ag an iarrthóir ach níor cheart go gcuirfeadh sé sin isteach ar aon bhealach suntasach ar an gcumarsáid.

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ag an leibhéal seo in ann iad féin a chur in iúl gan aon mhórdheacrachtaí. Níor cheart go mbeadh orthu stopadh go rómhinic chun focail nó frásaí a bhaineann leis na topaicí coitianta a chuardach. Ba cheart dóibh a bheith in ann iarracht a dhéanamh forbairt a dhéanamh ar a gcuid freagraí, cúiseanna a thabhairt agus samplaí a chur ar fáil, oiread agus is féidir.

Tá roinnt gnéithe i gceist le Cumarsáid:

(1) Níor cheart go mbeadh aon mhórdheacrachtaí ag iarrthóirí cuid cainte agus cuid ceisteanna an scrúdaitheora a thuiscint.

(2) Ba chóir go gcruthódh na hiarrthóirí go bhfuil siad in ann páirt éifeachtach a ghlacadh i gcomhrá faoi ábhair a bhfuil cur amach acu orthu. Ba cheart go mbeadh na straitéisí cuí acu le déileáil le bearnaí ina gcuid eolais nó chun déileáil le haon deacrachtaí a thagann chun cinn, mar shampla, soiléiriú a lorg, iarraidh ar dhuine rud a rá an dara huair, a rá go bhfuil rud éigin ann nach dtuigeann siad nó úsáid a bhaint as frása faoi leith le deis mhachnaimh a fháil.

(3) Agus iad ag déanamh cur síos ar an tsraith pictiúr, tá sé tábhachtach go mbeadh comhleanúnachas agus léirchruinneas sa mhéid a bhíonn le rá ag iarrthóirí. Is é atá i gceist le léirchruinneas ná an cumas chun cuntas loighciúil comhleanúnach a thabhairt ar an topaic agus ar na gníomhartha atá á léiriú sna pictiúir. Is ionann é sin agus a rá go mbeidh an scrúdaitheoir in ann ciall a bhaint as an gcur síos ina iomláine.

(4) Déantar tástáil ar chumas sochtheangeolaíochta chomh maith. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann a léiriú go bhfuil siad ábalta teagmháil shóisialta a dhéanamh, mar shampla, beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt nó leithscéal a ghabháil.

© *Ollscoil Mhá Nuad*

- Cuirtear oiliúint chuimsitheach ar fáil do na scrúdaitheoirí cainte ar fad agus déantar monatóireacht agus caighdeánú ar a gcuid oibre le cinntiú go mbíonn leanúnachas ann maidir le cur i bhfeidhm an chórais mharcála.
- Meabhraítear d'iarrthóirí go bhféadfadh an scrúdaitheoir focail/frásaí ar nós 'suimiúil', 'an-mhaith', 'go maith' srl., a úsáid le linn an chomhrá lena léiriú go bhfuil sé/sí ag éisteacht leis an iarrthóir. Is gné nádúrtha é seo de chomhrá agus ní measúnú ná tagairt atá ann do chumas Gaeilge an iarrthóra ná ar conas atá ag éirí leis/léi sa scrúdú.

Moltar go láidir d'iarrthóirí breathnú ar an eolas ar fad atá ar fáil faoi scrúdú cainte Mheánleibhéal 1 (B1) anseo ar shuíomh TEG. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na siollabais, na físeáin agus an tuairisc.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

## Cuid 2 Rólghníomhaíocht

### Sampla 1:Teach nua

### Cárta an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:
  *Beidh tú ag bogadh isteach i dteach nua le roinnt cairde go luath. Tá nótaí agat faoin teach ar an gcárta ansin. Tá nóiméad agat le breathnú ar ábhar an chárta. Ansin, cuirfidh mise cúpla ceist ort faoin teach.*
- Tar éis nóiméid, cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar na sonraí ar an gcárta atá aigesean/aicise.

***Cárta an iarrthóra***

| **Teach nua** | |
|---|---|
| **Áit?** | bruachbhaile/gar/Gaillimh |
| **Ar fáil?** | 21 Meán Fómhair |
| **Costas?** | cíos = €745/mí |
| | billí (teas + bruscar) = €85/mí |
| **Seomraí?** | 3/seomra leapa + 2/seomra folctha |
| | + spás rothair |
| **Cé?** | deartháir (Eoin) + 2/cara/ollscoil |
| **Áiseanna?** | ☑ siopa/beag + oifig an phoist |
| | ☒ teach tábhairne + leabharlann |

***Cárta an scrúdaitheora***

| | |
|---|---|
| Áit? | Gaillimh/in aice/farraige |
| Ar fáil? | 1 Márta |
| Costas? | cíos = €700/mí<br>billí ar fad = €60/mí |
| Seomraí? | 2/seomra leapa + 1/cistin |
| Cé? | mo chol ceathrar (Áine) |
| Áiseanna? | gach rud ann ***ach*** trácht/torannach! |

***Comhrá samplach***

S: Cén áit a bhfuil an teach suite?
I: Tá an teach suite i mbruachbhaile beag gar do Ghaillimh.
S: Cén uair a bheidh sé ar fáil?
I: Beidh sé ar fáil ar an aonú lá is fiche de Mheán Fómhair.
S: Cén costas atá air?
I: Seacht gcéad daichead is a cúig euro sa mhí/in aghaidh na míosa atá ar an gcíos. Cosnaíonn na billí ochtó is a cúig euro sa mhí, sin don teas agus don bhruscar.
S: Cé mhéad seomra sa teach?
I: Tá trí sheomra leapa ann, dhá sheomra folctha agus tá spás ann do rothair chomh maith.
S: Cé a bheidh sa teach leat?
I: Beidh mo dheartháir Eoin agus beirt chairde ón ollscoil liom.
S: An bhfuil áiseanna maithe sa cheantar?
I: Tá siopa beag agus oifig phoist ann ach, ar an drochuair, níl aon teach tábhairne ná aon

I ndiaidh don scrúdaitheoir a c(h)uid ceisteanna a chur, déarfaidh sé/sí an méid seo leis an iarrthóir: *Anois, tá cárta eile agamsa anseo. Beidh mise ag bogadh isteach i dteach nua go luath freisin. Cuir tusa na ceisteanna céanna ormsa (dath glas thuas) faoin teach sin.*

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# Rólghníomhaíocht shamplach 1: Teach nua

# Cárta an iarrthóra

## Cuid 2A

**Beidh tú ag bogadh isteach i dteach nua le roinnt cairde go luath.**

- Tá roinnt nótaí faoin teach ar an gcárta thíos.
- Tá nóiméad amháin agat anois leis an eolas a léamh.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort faoin teach.

| **Teach nua** | |
|---|---|
| **Áit?** | bruachbhaile/gar/Gaillimh |
| **Ar fáil?** | 21 Meán Fómhair |
| **Costas?** | €745/mí |
| | billí (teas + bruscar) = €85/mí |
| **Seomraí?** | 3/seomra leapa + 2/seomra folctha + spás/rothair |
| **Cé?** | deartháir (Eoin) + 2/cara/ollscoil |
| **Áiseanna?** | siopa/beag + oifig an phoist ☑ |
| | teach tábhairne + leabharlann ☒ |


## Cuid 2B

- Tá cárta difriúil ag an scrúdaitheoir, cárta faoi theach nua a mbeidh seisean/sise ag bogadh isteach ann go luath.
- Anois, cuir tusa na ceisteanna céanna (**dath glas** thuas) air/uirthi faoin teach sin.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

## Cuid 3
## Bileog an iarrthóra (Sampla 1)

- Féach ar an mbileog thíos.
- Tá **nóiméad amháin** agat le féachaint ar na pictiúir agus le bheith ag smaoineamh faoin ábhar.
- Déan cur síos ar an scéal atá sna pictiúir. Tosaigh mar seo **'Tá an teaghlach sa chistin…'**
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.



*© Ollscoil Mhá Nuad*

# Cuid 2 Rólghníomhaíocht

## Sampla 2: Ag déanamh socruithe

## Cárta an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:
  *Tá rúnaí atá ag obair sa scoil leat ag dul ar pinsean go luath agus tá sibh ag eagrú dinnéir di. Tá an t-eolas faoi na socruithe ar an gcárta atá agat ansin. Tá nóiméad agat le breathnú ar an eolas. Ansin, cuirfidh mise cúpla ceist ort faoi na socruithe sin.*
- Tar éis nóiméid, cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar na sonraí ar an gcárta aigesean/aicise.

***Cárta an iarrthóra***

| Ag déanamh socruithe | |
|---|---|
| **Ócáid?** | rúnaí/Bríd/éirí as/35 bliain sa scoil |
| **Áit?** | bialann/Síneach/Óstán Uí Néill/ lár na cathrach |
| **Dáta?** | Dé hAoine, 19 Samhain @ 7.30p.m. |
| **Taisteal?** | bus/geataí/scoile @6.50p.m. |
| **Bronntanas?** | ríomhaire glúine = €375<br>gach duine = €15 |
| **Daoine?** | 25/scoil **ach** |

***Cárta an scrúdaitheora***

| | |
|---|---|
| Ócáid: | bainisteoir/éirí as |
| Áit? | bialann/Iodálach/cathair |
| Dáta? | Dé Sathairn, 1 Nollaig @ 8.00p.m. |
| Taisteal? | mionbhus/lár an bhaile @ 7.15p.m. |
| Bronntanas? | seodra = €300<br>gach duine = €20 |
| Daoine? | 15 ón fhoireann + roinnt cairde |

***Comhrá samplach***

S: Cén fáth a bhfuil dinnéar á eagrú agaibh / Cén ócáid atá ar siúl?
I: Tá an rúnaí, Bríd, ag éirí as an obair. Tá cúig bliana is tríocha caite aici ag obair sa scoil.
S: Cén áit a mbeidh an dinnéar?
I: Beidh an dinnéar sa bhialann Shíneach in Óstán Uí Neill i lár na cathrach.
S: Cén uair a bheidh sé ar siúl?
I: Beidh sé ar siúl ar an Aoine an naoú lá déag de mhí na Samhna, ag tosú ag leathuair tar éis a seacht.
S: An mbeidh bus ag dul ann?
I: Beidh. Beidh bus ag imeacht ó gheataí na scoile ag deich nóiméad go dtí a seacht.
S: Ar cheannaigh sibh aon bhronntanas di?
I: Cheannaíomar ríomhaire glúine di. Chosain sé trí chéad seachtó is a cúig euro ar fad - sin cúig euro déag an duine.
S: An mbeidh mórán daoine ann?
I: Timpeall fiche is a cúig nó mar sin. Ní bheidh an príomhoide ann mar beidh sí ag freastal ar chúrsa i gCorcaigh an lá sin.
S: Go raibh míle maith agat as sin.

I ndiaidh don scrúdaitheoir a c(h)uid ceisteanna a chur, déarfaidh sé/sí an méid seo leis an iarrthóir: *Anois, tá cárta eile agamsa anseo. Beidh mise ag déanamh socruithe d'ócáid eile go luath. Cuir tusa na ceisteanna céanna ormsa anois (dath glas thuas) faoi na socruithe sin.*

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# Rólghníomhaíocht shamplach 2: Ag déanamh socruithe

## Cárta an iarrthóra

### Cuid 2A

**Tá rúnaí atá ag obair sa scoil leat ag dul ar pinsean go luath agus tá sibh ag eagrú dinnéir di.**

- Tá an t-eolas faoi na socruithe sa chárta thíos.
- Tá nóiméad amháin agat anois leis an eolas a léamh.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort faoi na socruithe.

| **Ag déanamh socruithe** | |
|---|---|
| **Ócáid?** | rúnaí/Bríd/éirí as/35 bliain sa scoil |
| **Áit?** | Bialann/Síneach/Óstán Uí Néill/lár na cathrach |
| **Dáta?** | Dé hAoine, 19 Samhain @ 7.30p.m. |
| **Taisteal?** | bus/geataí/scoile @ 6.50p.m. |
| **Bronntanas?** | ríomhaire glúine = €375 |
| | gach duine = €15 |
| **Daoine?** | 25/scoil<br>**ach**<br>an príomhoide/cúrsa/Corcaigh |


### Cuid 2B

- Tá cárta difriúil ag an scrúdaitheoir. Beidh seisean/sise ag déanamh socruithe d'ócáid eile go luath.
- Anois, cuir tusa na ceisteanna céanna (**dath glas** thuas) air/uirthi faoi na socruithe sin.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

## Cuid 3
## Bileog an iarrthóra (Sampla 2)

- Féach ar an mbileog thíos.
- Tá **nóiméad amháin** agat le féachaint ar na pictiúir agus le bheith ag smaoineamh faoin ábhar.
- Déan cur síos ar an scéal atá sna pictiúir. Tosaigh mar seo **‘Maidin Dé Sathairn a bhí ann agus bhí Aoife agus Pól...’**
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.




*© Ollscoil Mhá Nuad*

## Cuid 2 Rólghníomhaíocht

## Sampla 3: Saoire faoin tuath

## Cárta an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:

*Bhí tú ar saoire faoin tuath an tseachtain seo caite. Tá eolas faoin tsaoire ar an gcárta atá agat ansin. Tá nóiméad agat le breathnú ar an eolas agus ansin cuirfidh mise cúpla ceist ort faoin tsaoire a bhí agat.*

- Tar éis nóiméid, cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar na sonraí ar an gcárta aigesean/aicise.

***Cárta an iarrthóra***

| Saoire faoin tuath | |
|---|---|
| **Áit?** | sráidbhaile/beag/Co. Chiarraí |
| **Le?** | aintín + 3 /cairde |
| **Lóistín?** | teach saoire + 4 /seomra leapa |
| **Costas?** | bus /Baile Átha Cliath → Ciarraí |
| | =€49.50/duine |
| | cíos/teach = €1,300 |
| **Déan?** | maidin: snámh→ loch |
| | tráthnóna: siúl→ cnoic |
| | + cúpla/béile/bialann/beag |
| **Sult?** | ☑ Ciarraí / álainn |
| | ***ach*** ☒ báisteach/gach lá |

***Cárta an scrúdaitheora***

| | |
|---|---|
| Áit? | Dún na nGall/cois farraige |
| Le? | deartháir + 2/cara |
| Lóistín? | óstán/beag/sráidbhaile |
| Costas? | lóistín = €420 ; bia = €75 |
| Déan? | galf + snámh |
| Sult? | ☑ bia/deas + daoine/cairdiúil<br>☒ costasach |

***Comhrá samplach***

S: Cá raibh tú ar saoire?
I: Bhí mé i sráidbhaile beag i gContae Chiarraí.
S: Cé a bhí leat?
I: Bhí m'aintín agus triúr cairde liom.
S: Cén cineál lóistín a bhí agaibh?
I: Bhí teach saoire againn. Bhí ceithre sheomra leapa ann.
S: Cén costas a bhí ar an tsaoire?
I: Chosain an bus ó Bhaile Átha Cliath go Ciarraí ceathracha/daichead a naoi caoga an duine. Bhí míle trí chéad euro ar an gcíos don teach.
S: Cad a rinne sibh?
I: Chuamar ag snámh i loch gach maidin agus ag siúl sna cnoic um thráthnóna. Bhí cúpla béile againn i mbialann bheag freisin.
S: Ar bhain tú sult as an tsaoire?
I: Bhain. Bhí/Tá Ciarraí go hálainn. Ach faraor bhí sé ag cur báistí gach lá/
S: Go raibh maith agat.

I ndiaidh don scrúdaitheoir a c(h)uid ceisteanna a chur, déarfaidh sé/sí an méid seo leis an iarrthóir: *Anois, tá cárta eile agamsa anseo, cárta faoi shaoire eile a bhí agamsa le déanaí. Cuir tusa na ceisteanna céanna* (dath glas thuas) *ormsa anois faoin tsaoire sin.*

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# Rólghníomhaíocht shamplach 3: Saoire faoin tuath

## Cárta an iarrthóra

### Cuid 2A

**Bhí tú ar saoire faoin tuath an tseachtain seo caite.**

- Tá nótaí faoin tsaoire ar an gcárta thíos.
- Tá <u>nóiméad amháin</u> agat anois leis an eolas a léamh.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort faoin tsaoire.

**Saoire faoin tuath**

| | |
|---|---|
| **Áit?** | sráidbhaile/beag/Co. Chiarraí |
| **Le?** | aintín + 3/cairde |
| **Lóistín?** | teach saoire + 4/seomra leapa |
| **Costas?** | bus/Baile Átha Cliath → Ciarraí |
| | =€49.50/duine |
| | cíos/teach = €1,300 |
| **Déan?** | maidin: snámh→ loch |
| | tráthnóna: siúl→ cnoic |
| | + cúpla/béile/bialann/beag |
| **Sult?** | ☑ Ciarraí / álainn |
| | <u>A*ch*</u> ☒ báisteach/gach lá |


### Cuid 2B

- Tá cárta difriúil ag an scrúdaitheoir, cárta faoi shaoire eile a bhí aigesean/aicise le déanaí.
- Anois, cuir tusa na ceisteanna céanna (**dath glas** thuas) air/uirthi anois faoin tsaoire sin.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

## Cuid 3
## Bileog an iarrthóra (Sampla 3)

- Féach ar an mbileog thíos.
- Tá **nóiméad amháin** agat le féachaint ar na pictiúir agus le bheith ag smaoineamh faoin ábhar.
- Déan cur síos ar an scéal atá sna pictiúir. Tosaigh mar seo **'Tá Máire agus Seán amuigh ag imirt …'**
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.



© *Ollscoil Mhá Nuad*